# FOLÚNTAS

# SAOR-CHOMHORDAITHEOIR TIONSCADAIL

# le Ceangal / Cwlwm IV

tionól d’earnáil amharclannaíochta na Gaeilge, Ghaeilge na hAlban agus na Breatnaise.

Tá páirtithe comhoibríocha Ceangal Cwlwm ar lorg comhordaitheora tionscadail le bheith ag obair i gcomhpháirt le coiste stiúrtha ar thionól idirnáisiúnta amharclannaíochta a thitfidh amach ar an 11ú agus 12ú Samhain 2022.

Cuireann Ceangal Cwlwm imeacht sa tsiúl gach bliain ina dtagann soláthróirí amharclannaíochta, ealaíontóirí, lucht acadúil agus comhlachtaí a bhíonn ag saothar i nGaeilge, i nGaeilge na hAlban agus i mBreatnais, i gceann a chéile.

Oibreoidh an té a cheapfar go páirt-aimseartha do choiste na bpáirtithe comhordaithe, ar shaor-chonradh faoi chúram an páirtí Theatre Gu Leòr, ó Mheán Fómhair 2022 go Márta 2023. Is é £5,000 táille na hoibre agus meastar gur amach is isteach ar 30 lá oibre a bheidh i gceist. Déanfar an obair ag am a chomhaontófar agus a bheidh ag fóirstean don chomhordaitheoir, na páirtithe agus riachtanais an tionscnaimh.

Beidh an comhordaitheoir ag obair i gcomhar le páirtithe in Éirinn in Albain agus sa Bhreatain Bheag mar sin ba chóir go raibh siad in ann a léiriú go bhfuil taithí acu ar thionscadail den chineál seo a bhainistiú, ardscileanna eagraithe, cumarsáide agus comhoibrithe mar aon le cumas buiséad a bhainistiú go héifeachtach.

Is iad an Gaeilge, Gaeilge na hAlban, an Bhreatnais agus Béarla teangacha oibre an tionscadail, agus ba chóir go raibh an té a cheapfar líofa in dhá cheann ar a laghad acu sin (Béarla agus ceann amháin eile).

## An Tionól

Is imeacht spleodrach bríomhar a bheidh ann in Amharclann Náisiúnta na hAlban i nGlaschú a mhairfidh dhá lá, 11ú agus 12ú Samhain 2022. Baileoidh soláthróirí amharclannaíochta, ealaíontóirí, léiritheoirí, lucht acadúil, maoinitheoirí, comhlachtaí amharclanna náisiúnta agus eagraíochtaí le chéile as Éirinn, Albain agus an Bhreatain Bheag. Léireofar píosaí gairide d’obair reatha as an earnáil chomh maith.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar imeachtaí a chuaigh roimhe nó ar an líonra Ceangal / Cwlwm go ginearálta, tabhair cuairt ar an tsuíomh: https://www.ceangalcwlwm.com/

## Dualgais

- An tionól a chomhordú agus a reachtáil i gcomhpháirt leis an choiste stiúrtha
- Cainteoirí, taibhseoirí, éascaitheoirí agus lucht freastail an tionóil a eagrú
- Lóistín agus taisteal a chur in áirithe do chainteoirí

- Aistriúchán comhuaineach a eagrú don tionól
- Aistritheoirí comhuaineacha a chomhordú
- Buiséad an imeachta a bhainistiú
- Poiblíocht agus margaíocht an imeachta a chomhordú
- Ábhar a chruthú agus a fhoilsiú ar shuíomh Ceangal Cwlwm
- Páipéir agus ábhar a ullmhú roimh an tionól
- Fáisnéis mhonatóireachta agus luachála a bhailiú agus a chur os comhar maoinitheoirí

**Scileanna / Buanna / Taithí**

- Líofacht i mBéarla idir scríofa agus labhartha agus i dteanga amháin eile de chuid an líonra ar a laghad
- Taithí ar bheith ag obair in ealaíona na Gaeilge, Ghaeilge na hAlban nó na Breatnaise
- Taithí ar bhainistíocht imeachtaí
- Taithí ar bhainistíocht bhuiséid
- Taithí ar chláir amhail Mailchimp, Squarespaces, agus na meáin shóisialta
- Caithfidh an t-iarratasóir bheith ar fáil le freastal ar an imeacht i mí na Samhna 2022

**Táille an Chomhordaitheoir Tionscadail**

£5,000 le linn na tréimhse Meán Fómhair 2022 go Márta 2023 (taisteal agus cothabháil as an áireamh).
Táthar ag dúil le go gcuirfí tromlach na hoibre i gcrích in 2022.

**Seoltar na rudaí seo a leanas mar chuid den iarratas fá 17:00, 23/09/22.**

- C.V. reatha le samplaí den chineál seo oibre
- Litir chlúdaithe a léiríonn suim agus oiriúnacht don phost seo
- Gach sonra teagmhála

Seoltar gach iarratas chuig **info@theatreguleor.com**.
Is féidir ceist ar bith faoin ról a sheoladh chuig an tseoladh seo.